

14798/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0210(COD)**

**CODEC 1956
EF 273
ECOFIN 1349
ECB****NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialacháin(AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 260/2012, (AE) 2017/2394 agus (AE) 2021/1230 (an chéad léamh) –Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle

1. An 28 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 22 Lúnasa 2023².
3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Nollaig 2023³.
4. Thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim uaidh an 30 Aibreán 2024⁴.
5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 23 Aibreán 2024⁵.

¹ 11222/23 + ADD 1 go 4.

² IO C, C/2023/1019, 16.11.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2023/1019/oj>.

³ IO C, C/2024/1594, 5.3.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/1594/oj>.

⁴ 9761/24.

⁵ 10664/24.

6. An 22 Aibreán 2026, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite⁶, tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.
7. An 5 Bealtaine 2026, dhearbhaigh Coiste Parlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) an comhaontú sealadach. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Parlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air⁷.
8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle go ndéanfaidh sí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a leagtar amach in 8543/26 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 8543/26 ADD 1 REV 1 a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

⁶ 8221/26.

⁷ 9304/26.